POBALnuacht

Nuacht agus Scéalta

Eagrán 2 - Deireadh Fómhair 2011

pobal
Eagras Abhcóideachta Phobal na Gaeilge

Nuacht / News

Ócáid Cearta & Ceiliúradh
Rights & Revelry Event

Comhdháil POBAL ar Creat Straitéiseach
POBAL Strategic Framework Conference

Mór-Ócáid POBAL ar Acht na Gaeilge
POBAL Irish Language Act event

Seolann RCEF 'Líofa 2011'
DCAL launch 'Líofa 2011'

Gliogáil anseo le níos mó nuachta a fháil ar ár suíomh

Click here for more news on our website

pobal
Aonad 6
Teach Uí Chorráin
Ionad an Dá Spuaic
155 Sráid Northumberland
Béal Feirste
BT13 2JF.

Teil: +44 (0)28 90 438132
eolas@pobal.org
www.pobal.org

Cearta & Ceiliúradh
An lá Gaeilge is mó sa bhliain!

Is geal le Gaeilgeoirí fá lá **Cearta & Ceiliúradh** POBAL in Aonach Naomh Seoirse, Béal Feirste, Dé Domhnaigh 9ú Deireadh Fómhair, ó 1 go dtí 5. Is cinnte go mbeidh ócáid na bliana seo níos mó agus níos fearr ná an bhliain seo caite nuair a d'ardaigh muid díon an Aonaigh! Lá mór teaghlaigh a bheas ann le healaíona Gaeilge, siamsaíocht, gníomhaíochtaí, agus teachtaireacht dáiríre - tá sé in am d'Acht na Gaeilge. Ag dúil go mór mór leis atá muid i mbliana. Ceiliúradh mór é **Cearta agus Ceiliúradh** ar an obair iontach a dhéanann pobal na Gaeilge ar fud na bliana agus tugann sé deis lenár n-éachtaí a thaispeáint do lucht féachana ollmhór. Beidh rud éigin ann do gach duine sa Mhargadh ar 9.10.11! Dúirt Damian Smyth, Ceannasaí Litríochta Chomhairle Ealaíon TÉ: 'Stair fhada atá ag an Chomhairle Ealaíon ag infheistiú sna healaíona Gaeilge agus tá muid ag tacú le POBAL ó 2005. Tá muid an-sásta bheith ag cuidiú le maoiniú na hócáide an-rathúil **Cearta agus Ceiliúradh** 2011 mar go gcuireann sé fáilte ó chroí roimh achan phobal teacht lena thuilleadh eolais a fháil ar phobal na Gaeilge agus ar na healaíon Gaeilge.'

Tá liosta d'imeachtaí an lae ag fás, le seó éachtach ard-ochtáin ó Sorcas Rothlaim, maestro na cleasaíochta Seán Ó Faoláin, seó mire na Deartháireacha Fanzini, saordhréacht damhsa ó Celtic Storm agus Cleamairí Ard Mhaca i measc na bpríomh-imeachtaí. I mbliana, fuair an tionscadal tacaíocht ó chistí an Crannchur Náisiúnta tríd Comhairle Ealaíon TÉ agus ó chlár deachaidrimh Comhairle Cathrach Bhéal Feirste, le cois Foras na Gaeilge agus BRO. Dúirt Janet Muller, 'de thairbhe na tacaíochta a thug ár maoinitheoirí beidh muid in ann scoth na craice a chur ar fáil in Aonach Naomh Seoirse Dé Domhnaigh 9/10/11. Agus ná déan dearmad, tá an t-Aonach faoi iamh, mar sin ní chuirfidh droch-aimsir den chraic! Ionad foirfe é le léiriú fiuchadh phobal na Gaeilge in achan ghné dá ghníomhaíochtaí. Tá an gá le hAcht Gaeilge fréamhaithe san obair iontach atá déanta ag Gaeilgeoirí ar fud na tíre, go háirithe sa Tuaisceart - an t-aon áit ar na hoileáin seo nach bhfuil cosaint cheart ar an phríomhtheanga dhúchais. Ar an deireadh seachtaine 9-10-11, beidh sé cúig bliana ó thug rialtas na Breataine gealltanas ag Chill Rímhinn go n-achtódh sé Acht na Gaeilge, rud nach ndearnadh go dtí seo. Ar 9-10-11, cuirfidh Gaeilgeoirí Acht na Gaeilge i lár an Aonaigh arís agus beidh lá iontach againn leis na healaíona Gaeilge ag an am céanna!'

Íoslódálacha: Póstaer - Léarscáil - Físeán

Rights & Revelry
Biggest Irish Language Day of the

Irish speakers are buzzing about POBAL's massive Irish language **Rights and Revelry** event in St George's Market, Belfast on Sunday 9th October, from 1 to 5pm. This year's event promises to be even bigger and better than last year when we really rocked the market! This will be a great family day out with Irish language arts, entertainment, activities, and a serious message - it's time for the Irish language Act. We can't wait for this year's event. POBAL's **Rights and Revelry** is a fantastic celebration of the work that the Irish speaking community carries out all year round and it means we can showcase our achievements to a massive audience. There will be something for everyone in the Market on 9.10.11! Damian Smyth, Head of Literature at the Arts Council of Northern Ireland said: 'The Arts Council has a lengthy history of investing in Irish language arts and we've been supporting POBAL since 2005. We're pleased to help fund the return this year of the very successful **Rights and Revelry** celebration, as it extends a welcoming invitation to all communities to come along and find out more about the Irish language community and its arts.'

The list of amazing events during the day is growing, with the heart-stopping Tumble Circus high-octane act, juggling maestro Johnny Ó Faoláin, the mad-cap Fanzini Brothers, dance extravaganza by Celtic Storm and the Armagh Rhymers topping the bill. This year, the project has received support from the National Lottery funds through the Arts Council of Northern Ireland and from the Belfast City Council Good Relations programme, as well as from Foras na Gaeilge and BRO. Janet Muller said, 'Thanks to the support of our funders we will have the best of craic in St George's Market on Sunday 9th. And don't forget, St George's Market is enclosed, so even bad weather can't dampen the spirits! It's a great venue for us to highlight the vibrancy of the Irish speaking community in all its range of activities. The need for the Irish language Act is rooted in the fantastic work of Irish speakers all over the country, and particularly in the North - the only place on these islands where there is not already extensive protection under law for the primary indigenous language. On the weekend of 9-10-11, it will be five years since the British government gave its commitment at St Andrews that it would enact the Irish Language Act, something which it has so far failed to do. On 9-10-11, Irish speakers will put the Irish Language Act centre stage once more, and have a fantastic day out with the Irish language arts at the same time!'

Downloads: Poster - Map - Video

COMHDHÁIL
Creat Straitéiseach don Ghaeilge i dTÉ
Coláiste Naomh Muire, Bóthar na bhFál, Béal Feirste
Dé Chéadaoin, 28/9/2011 - 1.30-5.00in

Le bliain go leith anuas tá grúpa oibre ag obair faoi scáth POBAL agus é mar aidhm aige creatlach straitéise 20 bliain a leagan amach don Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, comhthreomhar le Straitéis 20 Bliain an Deiscirt. Tá Institiúidí 3ú leibhéal páirteach sa ghrúpa seo – Ollscoil na Banríona, Ollscoil Uladh agus Coláiste Oideachais Naomh Muire, na Meáin Chumarsáide, POBAL féin agus an earnáil Oideachais. Mhínigh Dónall Ó Baoill, Cathaoirleach an Ghrúpa Oibre, go raibh Comhdháil lae againn anuraidh in Óstán Stormont, áit ar labhair daoine as Éirinn thuaidh agus theas agus ó Chomhairle na hEorpa. Mar thoradh ar an Chomhdháil sin, socraíodh leanúint ar aghaidh leis an obair agus doiciméad níos beaichte agus níos cinnte a chur ar fáil don phobal ar fad. Chomh maith leis sin foilsíodh paimfléad i nGaeilge agus i mBéarla ina bhfuil cur síos ar ar thit amach ag an Chomhdháil lae in Óstán Stormont. Lena chois sin chuir Janet Muller agus Dónall P. Ó Baoill páipéar i láthair ag Comhdhálacha éagsúla in Ollscoil na Banríona agus i mBaile Átha Cliath. Foilsíodh na cainteanna ó Chomhdháil Ollscoil na Banríona le deireanas. Bhuail Janet Muller agus Dónall P. Ó Baoill le ionadaithe ó Shinn Féin agus ón SDLP i Stormont gur chuir an scéal ina láthair agus thug míniú ar an obair a bhí idir lámha againn.

Idir an dá linn, shocraigh an grúpa oibre foghrúpaí a bhunú a bhain go sonrach le hOideachas agus le cúrsaí na Meán Chumarsáide. Ceapadh saineolaithe mar bhaill de na foghrúpaí agus rinne siad taighde agus tuairisciú ar ais ar thorthaí a gcuid oibre agus machnaimh. Tá an t-ábhar sin réidh anois i bhfoirm scríbhinne. Ba mhaith linn ag an phointe seo an t-eolas uile atá tugtha le chéile againn ar reachtaíocht, ar oideachas, ar na meáin agus ar cheisteanna eile a chur os comhair an phobail le súil tuilleadh slachta agus maise a chur air. Táthar ag súil go bhfoilseofar doiciméad gairid ina mbeidh cur síos ar phríomheilimintí na straitéise agus lena chois sin go mbeidh eolas breise ar fáil ar shuíomh aitheanta idirlín www.pobal.org. Ullmhaíodh doiciméad cuimsitheach faoin reachtaíocht a bhainfeadh leis an straitéis a chur i bhfeidhm agus a riaradh. Sa chéad chéim eile dár bhfeachtas, tá Comhdháil leath lae beartaithe againn don 28 Meán Fómhair 2011 le tuilleadh críortha a dhéanamh ar a bhfuil ullmhaithe againn agus le treoir a thabhairt don ghrúpa oibre. Beidh an Chomhdháil sin á reáchtáil i gColáiste Naomh Muire ag tosú ar 1:30 pm agus ag críochnú ar 5:00pm.

Íoslódáil Tuairisc Straitéise POBAL 2010 Anseo

CONFERENCE
Draft Strategic Framework for Irish in NI
St. Mary's College of Education, Falls Road, Belfast
Wednesday, 28/09/2011 - 1:30-5:00 pm

A working group has been meeting under the umbrella of POBAL for the last 18 months with the aim of producing a 20 year Draft Strategic for Irish in Northern Ireland, in parallel with the 20 year strategy published by the Dublin Government in 2010. The working group has representation from Queen's University, the University of Ulster and St. Mary's College of Education, from the Media, from POBAL and the Educational Sector. Dónall Ó Baoill, Chair of the Working Group explained that a one-day Conference was held last year in the Stormont Hotel which was addressed by speakers from Ireland, both North and South and from the Council of Europe. Arising from the success of this Conference, it was agreed to continue with the work at hand and to prepare a more concise and up to date factual document for the whole community. Subsequently, a bilingual pamphlet was published in Irish and English, which contains the papers presented at the Symposium. Janet Muller and Dónall P. Ó Baoill have also made presentations at different Symposia elsewhere at Queen's University and in Dublin. The papers from the Queen's University Symposia were published in August 2011. Janet Muller and Dónall P. Ó Baoill also met with representatives from Sinn Féin and the SDLP at Stormont and summarised and explained the work we are undertaking.

In the meantime, the working group decided to set up two subgroups dealing specifically with Education and the Media. Membership of these subgroups included people with expertise in each of the two disciplines. They have now reported the outcomes of their research and deliberations in two short publications. At this point, we would like to present the information we have accumulated on legislation, the media, education and other areas to a larger public audience in the hope of improving and agreeing a final published document. It is expected that a short document will be published containing the main core elements of the strategy and that further relevant information will be made available at the following address www.pobal.org. A comprehensive document detailing the required legislation necessary to implement and administer the strategy has also been prepared. As part of our ongoing campaign, we have decided to hold a half-day Conference on the 28th September, to tease out, discuss and improve the content of the present documentation and to give further direction and advice to the working group. The Conference will be held in St. Mary's College of Education starting and 1:30 pm and finishing at 5:00pm.

Download POBAL's 2010 Strategy Report Here

Seolann an tAire Cultúir Líofa 2015

Sheol an tAire Cultúir, Carál Ní Chúilín, **Líofa 2015** ar 5ú Meán Fómhair i Stoirmhonadh, tionscadal a bhfuil mar aidhm aige 1,000 duine a spreagadh, ó gach cuid den saol ar fud an Tuaiscirt, le shíniú suas bheith líofa sa Ghaeilge faoi 2015.

Ar láithreán gréasáin RCEF deir an tAire Ní Chúilín, 'Aithním, san am atá thart, go raibh an cultúr Gaelach, agus an Ghaeilge go háirithe, ina hábhar easaontais pholaitiúil agus airithe mar chaomhnú de thaobh amháin dár bpobal. Mar sin féin, creidim gur linne uilig an oidhreacht shaibhir chultúrtha agus teanga ar an oileán seo agus gur chóir dúinn uilig í a chaomhnú agus taitneamh a bhaint asti. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe agam bearta a thabhairt isteach atá dírithe ar dhípolaitiú na Gaeilge chun í a chur arís in áit a dtig le daoine ó gach cúlra agus traidisiúin í a chleachtadh agus sult a bhaint asti. Is léir gur sprioc dhúshlánach atá i gceist agus gur ghá le leibhéal suntasach de thiomantas ó na rannpháirtithe, ach is ábhar misnigh dom an plé a bhí agam cheana féin le páirtithe leasmhara ar fud an phobail agus creidim go daingean gur sprioc réalaíoch seo'.

Thig clárú le haghaidh an tionscnaimh **Anseo**

Culture Minister launches Líofa 2015

The Culture Minister, Carál Ní Chulín, launched the **Liofa 2015** campaign in Stormont on September 5th, a project which aims to encourage 1000 people from all walks of life across the North to sign up to becoming fluent in Irish by the year 2015.

On the DCAL website the Minister says, 'I recognise that, in the past, Gaelic culture, and the Irish language in particular, has been the subject of political disagreement and perceived as the preserve of one section of our community. However, I believe that the rich cultural and linguistic heritage on this island is something that we all share and something that we should all embrace and enjoy. Therefore, I intend to introduce measures aimed at de-politicising the Irish language and returning it to a status where it can be practiced and enjoyed by people of all backgrounds and traditions. This is obviously a challenging target and will require a significant degree of commitment from the participants involved but I am greatly encouraged by the discussions I have already had with stakeholders from across the community and I firmly believe this is a realistic goal'.

You can sign up for the initiative by clicking **Here**

MÓR ÓCÁID POBAL ar ACHT na GAEILGE
Céadaoin 16ú Samhain, Gailearaí Fada, Stoirmhonadh

Cé go bhfuil timpeallach níos dearfaí anois ná mar a bhí le tamaill anuas, is léir go fóill go mbeidh ar phobal na Gaeilge tacaíocht suntasach ardghlórach a léiriú d'Acht na Gaeilge ceart-bhunaithe, cuimsitheach agus láidir don tuaisceart. Is léir go bhfuil bealach go fóill le dul sula bhfaigheann muid reachtaíocht atá inchurtha leis an teanga a chosaint agus a chur chun cinn mar is ceart. Bíonn pobal na Gaeilge ag troid gach lá le haitheantas, cearta agus seirbhísí trí Ghaeilge a fháil. Tá forbairtí suntasacha de dhíth i ngach gné den saol. Leis an phróiseas a bhogadh chun tosaigh, tá POBAL ag reáchtáil mór-ócáid lae, Dé Céadaoin 16 Samhain sa Ghailearaí Fada i Stoirmhonadh. Beidh an tAire Caral Ní Chuilín ag oscailt na hócáide, agus beidh ionchur ó pholaiteoirí, ón phobal agus ó shaineolaithe idirnáisiúnta dlí agus cearta teanga ó Éire, ó Alban agus ón Bhreatain Bheag.



Is léir gur gá le reachtaíocht ceart-bhunaithe. Ní amháin go naontaíonn pobal na Gaeilge leis an chur chuige seo, is dearcadh é seo atá anois níos láidre mar gheall ar fhorbairtí atá déanta le dhá bhliain anuas ar Acht na Breatnaise sa Bhreatain Bheag. Tá dul chun cinn déanta ansin, agus iad ag bogadh i dtreo cur chuige atá cosúil leis an eiseamláir reachtaíochta atá molta ag POBAL le blianta beaga anuas. Ag an ócáid i mí na Samhna, beidh deis againn éisteacht le daoine a raibh is a bhfuil dlúthbhaint acu cuidiú leis na forbairtí seo, agus le hAcht na Gaeilge a chur ar ais ar chlár an Tionóil agus Westminster.

MAJOR POBAL EVENT on THE IRISH LANGUAGE ACT
Wednesday 16th November, Long Gallery, Stormont

Even though the atmosphere is more positive now than it has been for some time, it is still obvious that Irish speakers will need to show strong, loud support for an Irish Language Act for the North that is rights-based, comprehensive and strong. It is clear that there is still some way to go before we get legislation that will be capable of protecting and promoting the language properly. Irish speakers have to struggle every day for recognition, for rights and for services in Irish. We need significant improvement in every walk of life. To move this process forward, POBAL is organising a major one day event on Wednesday 16th November in the Long Gallery at Stormont. Minister Caral Ní Chuilín will open the event, and there will be input from politicians, from the community and from international experts on language rights and the law from Ireland, Scotland and Wales.

Obviously, rights-based legislation is needed. Not only does the Irish speaking community think this way, but it is a view strengthened by the developments in the last couple of years in respect of legislation in Wales. There has been progress, and the Welsh have moved towards an approach that is similar to the legislative model POBAL has been proposing for several years. At the event in November, we will have the chance to hear from those who had and still have a central role in developments in Scotland and Wales, and to help put the Irish language Act back on the agenda at the Assembly and at Westminster.

Nuacht eile

Ranganna Gaeilge ar fáil ar fud an tuaiscirt	Eolas anseo
Aistríonn Taispeántas POBAL **Súil Charad** go Leabharlann na Carraige Báine le pacáiste nua dírithe ar pháistí	Eolas anseo
Nótaí ar 'Breithiúnas' ar fáil do mhic léinn	Íoslódáil anseo

Other news

Irish classes available throughout the north	More info here
POBAL's **Súil Charad** Exhibition moves to the Whiterock Road Library with a new package for children	More info here
Notes on 'Breithiúnas' available for students	Download here

Bunaíodh POBAL i mí Eanáir 1998. Páirtíocht ionadaíoch é POBAL, a thugann treoir straitéiseach agus a chuireann ar fáil fóram daonlathach do na dreamanna a chruthaigh tionscadail rathúla shóisialta, gheilleagracha, ealaíonta agus oideachasúla do phobal na Gaeilge.

POBAL was established in January 1998. We are a representative partnership that provides strategic direction and a democratic forum for groups behind the north's thriving range of social, economic, artistic and educational projects for the Irish speaking community.

POBAL, Aonad 6,
Teach Uí Chorráin,
Ionad an Dá Spuaic,
155 Sráid Northumberland,
Béal Feirste, BT13 2JF

arts council of Northern Ireland
LOTTERY FUNDED
Foras na Gaeilge
Department for Social Development www.dsdni.gov.uk

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é POBAL. Tag. carthanachta: XT27908 - POBAL is a company limited by guarantee. Charity ref. XT27908